Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 19 Iúil 2022
(OR. en)

9385/22

LIMITE

CORLX 483
CFSP/PESC 688
CSDP/PSDC 306
COAFR 113
CSC 207
EUAM RCA 6

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) |

**CINNEADH 2022/… (CBES) ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2110[1], lenar bunaíodh Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) agus sainordú tosaigh go dtí an 8 Lúnasa 2022 aige, 2 bhliain tar éis sheoladh EUAM RCA.

(2) An 12 Aibreán 2022, ar bhonn an Athbhreithnithe Straitéisigh Iomlánaíoch ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus ar EUAM RCA, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) go gcuirfí síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 9 Lúnasa 2024. An 11 Bealtaine 2022, chomhaontaigh PSC gur cheart sainordú EUAM RCA a chur in oiriúint don staid i bPoblacht na hAfraice Láir.

(3) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/2110 a leasú dá réir.

(4) Cuirfear EUAM RCA i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L 318, 10.12.2019, lch. 141).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Is iad seo a leanas na cuspóirí straitéiseacha a bheidh ag EUAM RCA:

(a) tacú le rialachas riailbhunaithe agus le hacmhainneachtaí bainistíochta a mhéadú in Aireacht Gnóthaí Baile agus Slándála Poiblí Phoblacht na hAfraice Láir i ndáil le dearadh, cur i bhfeidhm, méadú agus faireachán a dhéanamh ar na catagóirí ábhartha uile pleanála;

(b) tacú le hathrú inbhuanaithe Fhórsaí Slándála Inmheánaí Phoblacht na hAfraice Láir agus lena bhfeidhmiú éifeachtach oibríochtúil agus lena n-imscaradh;

(c) cúnamh a thabhairt chun tacaíocht chomhtháite a fhorbairt do Fhórsaí Slándála Inmheánaí Phoblacht na hAfraice Láir trí dhlúthchomhordú, agus aontacht gníomhaíochta agus comhlántacht na n-iarrachtaí leis na gníomhaithe ábhartha á n- áirithiú;

(d) léargas cuimsitheach ar an staid a fháil trí Acmhainneacht Anailíseach tiomnaithe, lena n-áirítear i réimsí amhail cumarsáid straitéiseach agus forbairtí polaitiúla slándála;

PUBLIC

(e) tacú le hiarrachtaí cumarsáide straitéisí chun luachanna an Aontais a chothú, gníomhaíocht an Aontais a chur chun cinn agus sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta ag fórsaí eachtracha i bPoblacht na hAfraice Láir a nochtadh.';

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Is é EUR 30 352 481,10 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUAM RCA a chumhdach don tréimhse ón 9 Nollaig 2019 go dtí an 8 Lúnasa 2022.

Is é EUR 28 400 000,00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le EUAM RCA a chumhdach don tréimhse ón 9 Lúnasa 2022 go dtí an 9 Lúnasa 2024.';

(3) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Rachaidh sé in éag an 9 Lúnasa 2024.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

PUBLIC